CEACHT 33

AG IASCAIREACHT



Pictiúr: Radharc:

Uncail Pháid ag iascaireacht san abhainn, Páid ina luí tamall amach uaidh ar an bhféar, slat iascaireachta, iasc le cur ar an duán.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Bhí Páid agus a uncail thíos ag an abhainn. Bhí a uncail ag iascaireacht. Bhí Páid tuirseach. Luigh sé ar an bhféar. Rug a uncail ar iasc. Ghlaoigh sé ar Pháid.

Agallamh

UNCAIL: Féach, a Pháid, tá iasc agam!
PÁID: Níl sé agat fós. Féach tá sé ag léim.
UNCAIL: Beidh sé tuirseach i gceann cúpla nóiméad.
PÁID: Tarraing isteach anois é.
UNCAIL: Féach! Nach breá an t-iasc é! Tá sé an-trom ar fad.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);
(b) Spreagthaigh chluas:

Cá raibh Páid agus a uncail?
Agus bhí uncail Pháid ag obair?
Céard faoi Pháid?
Luigh sé ar an leaba, is dócha?
Céard (cad) a rinne a uncail?
Labhair sé le Páid?

Inis dó, a "uncail", céard atá agat.
Abair leis nach bhfuil sé aige fós, a "Pháid".
Cén fáth a ndeir tú sin?
Ach i gceann cúpla nóiméad, a "ucail"?
Abair leis é a tharraingt isteach, a "Pháid".
Céard a deir tú faoin iasc, a "uncail"?
An bhfuil sé trom?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. *Bhí* Páid tuirseach.

   (*Dé Luain seo caite, anois;* ní, an?: *anois, inné, gach lá, Dé Domhnaigh seo chugainn;* ní, an?: *gach lá*).

2. *Luigh* sé ar an bhféar.

   (*anois, gach lá, amárach*).

3. *Rug* a uncail ar iasc.

   (*anois;* níor, ar?: *inné*).

4. Tá iasc *agam.*

   (*mise, eisean, ise, sinn, iadsan, Seán, an buachaill*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.

2. Dráma beag:
   Téann Páid agus Seán ag iascaireacht. Titeann Seán isteach san abhainn.

3. Scéal a chumadh:
   Lá amháin chuaigh mé ag iascaireacht le m'athair . . .

4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

5. Cluiche:
   Páistí mar éisc agus páistí eile mar iascairí ag iarraidh breith orthu.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Tá Páid is a uncail thíos ag an abhainn,
Ag iascaireacht, ag iascaireacht,
Tá Páid ina luí leis féin ar an bhféar
Gan aon tslat iascaigh aige.

II

Tá iasc ag Uncail Seán anois,
Is ceann mór é, is ceann mór é,
Tá áthas ar Pháid is ar Uncail Seán
Ag iascaireacht inniu don tae.